Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Samhain 2023
(OR. en)

15447/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0047(COD)**

CODEC 2142
TELECOM 334
COMPET 1114
MI 976
DATAPROTECT 306
JAI 1472
PI 176

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Shonraí) **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 23 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 15 Meitheamh 2022[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 30 Meitheamh 2022[3].

4. Thug Banc Ceannais na hEorpa a thuairim uaidh an 5 Meán Fómhair 2022[4].

[1] 6596/22 + ADD 1 to 3.
[2] IO C 365, 23.9.2022, lch. 18.
[3] IO C 375, 30.9.2022, lch. 112.
[4] IO C 402, 19.10.2022, lch. 5.

5. An 9 Samhain 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis[5].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, mar a leagtar amach in PE-CONS 49/23 é, mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[5] 15213/23.